

23/05/2016

## NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille



### San eagrán seo:

#### Inside this issue:

Lá an Fhorógra	1
Proclamation Day	
Siúlód Urraithe Scoile	2
Sponsored Walk	
Ysgol Gymraeg	2
Morswyn	
Feis Atha Cliath	2
Irish Dancing Feis	
Forógra do Ghlúin Nua	3
Proclamation for a new Generation	
Forógra 2016	3
2016 Proclamation	
Céad Chomaoineach	3
First Communion	
Cúrsaí Spóirt	4
Corn Andy Gibbons	
Iomáint & Caomógaíocht	4
Hurling & Camogie	
Lúthchleasaíocht	4
Athletics	
Cóineartú	5
Confirmation	
Barrghleacaí	5
Champion Gymnast	
Banna Ceoil Scoile	5
School Band	
Naónáin Shóisearacha	6
2016/2017	
Dátaí do Dialann	6
Dates for Your Diary	
Éide Scoile Samhraidh	7
Summer Uniform	
Dlúthdhiosca Scoile	7
School Music CD	
Turais Ranga	7
Class Tours	
Griangraf R2A & R2B	7

### Lá an Fhorógra - Ceiliúradh Éirí Amhach 1916

Déanadh an-chomóradh ar Éirí Amach 1916 i nGaelscoil Thaobh na Coille. Ar an 15 Márta 2016 eagraíodh searmanas speisialta ceiliúrtha sa scoil & i ngach bunscoil in Éirinn mar chomóradh ar Éirí Amach 1916 agus ardaíodh an Bhratach Náisiúnta mar chuid den searmanas seo. Bhí idir amhránaíocht, ceol agus rince againn agus muid ag ceiliúradh ár gcultúr, ár dteanga agus ár dtír. Ghléas Foireann, daltaí agus tuismitheoirí na scoile in éadaí na linne agus tháinig comhluadar na scoile le chéile leis an mBratach Náisiúnta a ardú agus len éisteacht leis an bhForógra nua do 2016 a chuir daltaí sinsearacha na scoile le chéile. Is cinnte go bhfanfaidh an ócáid stairiúil seo i gcuimhne na bpáistí 'sna blianta amach romhainn.

*The 1916 Rising was an important part of the 2015/2016 school year. A special ceremony was held on the 15<sup>th</sup> of March in Gaelscoil Thaobh na Coille and in every primary school in Ireland to celebrate Proclamation Day and the raising of our National Flag was an integral part of this ceremony. We celebrated our culture, our language and our country through music song and dance. The staff, pupils and parents came to school dressed in the clothes of the time as the school community came together to raise the National Flag and to listen to the new proclamation for 2016, written by the pupils of Rang a 5 and Rang a 6. The proclamation for 2016 was read out with great pride during the ceremony. I have no doubt that this historic occasion will remain in the children's memory for many years to come.*



Tuismitheoirí : Julie, Brenda, Patrika, Sinéad, Erika



Saoirse Ní Mheachair & Ella Ní Ghéarán



R5B : Sínitheoirí Forógra na Poblachta 1916



R4A Conall, Éabha, Finn & Brian



### Siúlóid Urraithe Scoile : School Sponsored Walk


Céadaoin 01 Meitheamh

01/06/2016

8am

Bígí linn a thüstí & tacaigh leis an imeacht tiomsaithe Airgid seo.

Please come along & support this fundraiser



Bailiúchán  
Bocsáí Trócaire

Trócaire Box Collection

### Míle Buíochas

Bailiodes **€2,120.48** i mbliana

trí an scoil don  
Chartanacht Trócaire.

**€2,120.48 was collected**  
through the school for the  
Trócaire Charity Lenten



Buaiteoirí Rince Fóirne  
R5/R6

Rebecca Nic Eoin  
Natty de Barra  
Guilia Nic Eoin  
Ted Ó hUigín  
Charlotte Ni Lionáird  
Tadhg Brúc  
Neasa Ni Mhathúna  
Leo Ó Maolcathail

### Siúlóid Urraithe Scoile : School Sponsored Walk

Tá siúlóid urraithe scoile á eagraíonn Coiste na dTuistí ar siúl ar an gCéadaoin an 01 Meitheamh ag a 8am. Seoladh na cártáí urraithe abhaile an tseachtaí seo chaite - féach sa mhála scoile le teacht ar muna bhfuil sé feicthe agat! Imeacht tiomsaithe airgid spraoiúil & sláintiúil í seo don scoil mar sin déan iarracht urraíocht a fháil don siúlóid idir seo & sin. 'Séard a thárlaíonn ar an lá ná go mbaillíonn tuistí & daltaí na scoile ar fad le chéile ag an scoil ag 8 a chlog ar maidin agus go dtéimíd ar shiúlóid le chéile timpeall ar cheantair na scoile. Fillimíd ar an scoil ag thart ar a 9am díreach in am leis na páistí a sheoladh isteach go dtí na ranganna. Ócáid siúlóide í seo do dhaltaí & do thuismitheoirí araon. Bígí linn a thüstí!

*Our annual sponsored school walk, organised by Coiste na dTuistí will take place on Wednesday the 1st June at 8am. Sponsorship cards were sent home to all families in the school last week - if you don't see it please check the bottom of your child's school bag! This is a fun & healthy fundraiser for the school so please come along & don't forget to 'hound' neighbours, friends and family for sponsorship! On the day parents & pupils meet up at the school at 8am and we all go for a walk together around the vicinity of the school. We return to the school at c. 9am just in time to send the children into class. This is a walk for parents and pupils alike so please come along and support this event.*

### Ysgol Gymraeg Morwysn

Le 10 mbliana anuas tá cuairt á thabhairt ag daltaí R5 ar dhaltaí ar chomh aois leo féin a fhreastalaíonn ar 'Ghaelscoil' Breatanaise i Holyhead sa Bhreatain Bheag. Tugann daltaí Ghaelscoil Thaobh na Coille cuairt lae ar an mBreatain Bheag agus tagann daltaí Ysgol Gymraeg Morwysn ar cuairt go Gaelscoil Thaobh na Coille. Beidh daltaí R5 ag dul ag an mBreatain Bheag ar an Mháirt an 07 Meitheamh & beidh muintir na Breataine Bige ag tabhairt cuairt ar Ghaelscoil Thaobh na Coille ar an gCéadaoin dar gcionn an 15 Meitheamh.

*Since 2005 the pupils in R5 have been visiting pupils of a similar age who attend a Welsh speaking 'Ghaelscoil' in Holyhead in Wales. The pupils from Gaelscoil Thaobh na Coille take a day trip to Wales & the pupils from Ysgol Gymraeg Morwysn make a return trip to Gaelscoil Thaobh na Coille. R5 will travel over to Wales on Tuesday 7th June & the pupils from Ysgol Gymraeg Morwysn will make a return visit the following week on Wednesday 15<sup>th</sup> June .*

### Feis Rince Átha Cliath : Irish Dancing Feis for schools

Ghlac 80 dalta ó R2 go R6 páirt i bFeis Rince Átha Cliath. Ghlacadar páirt i gcomórtas rince fóirne. D'éirigh go han-mhaith leis an 10 fhoireann a bhí ag rince ar an lá agus tháinig slam mó� boinn abhaile leis na páistí. Bhain foireann rince ó R5A an chéad áit amach sa chomórtas do dhaltaí ó R5 & R6 agus bhí an-ríméad go deo orthu go raibh corn breá eile acu le bheith ar taispeáint i gcófra na dtrófaíthe sa scoil!

*80 pupils from R2 – R6 participated in Feis Átha Cliath – a figure dancing feis for schools. All 10 teams danced extremely well and the brought home an array of medals. Our dancing team from R5A won first place in their competition and they were absolutely thrilled to be bringing home a big cup to display in the school's trophy cabinet!*

*Buiochas mór to our muinteoir Rince Nuala Ní Eochaídh for preparing the céilí dancing groups for the Feis and teaching all the classes in the school. We are extremely lucky to have her.*



*Rinceoirí Feis Átha Cliath leis an muinteoir rince Nuala Ní Eochaídh*



# Cúrsaí Spóirt Sports News

Leathanach 4



## Buíochas

Buíochas mór leis na múinteoirí atá i mbun na foirne éagsúla & buíochas speisialta lenár dtuistí Turlach Ó Meachair & Gearóid Ó Riain as cuidiú linn leis an traenáil iomána.

*Buíochas mór to the múinteoirí who train the various teams and a special go raibh maith agat to our parents Turlach Ó Meachair & Gearóid Ó Riain who help us with the hurling training.*

Go raibh míle maith agaibh.



## Iomáint & Camógaíocht Hurling & Camogie

Tá ag éirí go han-mhaith le foirne iomána & camogaíochta na scoile i gcomórtas Chumann na mBunscol le cúpla mí anuas. Chríochnaigh cailíní na scoile ar bharr léig Chorn Olly Quinlan agus imreoidh siad cluiche leath-ceannais i gcoinne Scoil Thomáis nó Scoil Maelruain ar an gCéadaoin seo 25 Bealtaine. Tá foireann sinsear na scoile ag glacadh páirt i gCorn Ághais

agus tá an ceathrú craobh bainte amach acu siúd. Imreofar an cluiche sin i gcoinne Scoil Oilibhéar, An Chúl Mín, i bPáirc Hermitage ar an Mháirt 24 Bealtaine.

The school has been participating with great success to date in Cumann na mBunscol hurling & camogie competitions for the past couple of months.

## Lúthchleasaíocht Athletics

Tá an traenáil lúthchleasaíochta faoi lán t-seoil faoi láthair. Beidh an scoil páirteach i gcomórtas lúthchleasaíochta Chumann na mBunscol i Seantraibh ar an Luan 23 Bealtaine agus an Luan dar gcionn 30 Bealtaine. Lá Páirce a bhéas ann an chéad lá agus beidh lúthchleasaithe ag iomálocht sa Rás 600m, Léim Fhada, Caitheamh Méáchan agus Cliathras faoi aoiseanna éagsúla. Beidh Lá Traic: rásanna aonair 100m agus rásanna sealaochta (faoi 10, 11, 12 & faoi 14) ar siúl an dara lá.

## Corn Andy Gibbons Andy Gibbons Cup

Tá an Corn Andy Gibbons (comórtas iomána inti áitiúil) buaite ag Gaelscoil Thaobh na Coille don cheathrú uair as a chéile agus don séú uair le seacht mbiana anuas. Fuair foireann An Múinteoir Priestley (R3B) an ceann is fearr ar Holy Cross NS sa chraobh don dara bliain as a chéile. Chríochnaigh an cluiche leis an scór 7-1 agus ghlac captaen na foirne, Cathal Ó Craidhn, an corn ar son imreoirí R3B. Níos lúaithe sa lá, bhí an bua ag Rang An Múinteoir Mac Muiris (R3A) (5-3) ar Our Lady of the Wayside i gCraobh Phláta Andy Gibbons.

Gaelscoil Thaobh na Coille have won the Andy Gibbons Cup (an local indoor hurling competition for 3<sup>rd</sup> class pupils in the St Olaf's GAA catchment area) for the fourth time in succession and remarkably for the sixth time in the past seven years. An Múinteoir Priestley's class R3B were comprehensive victors (7-1) over Holy Cross NS in a repeat of last year's final. Team Captain Cathal Ó Craidhn accepted the cup on behalf of the deserving victors. Earlier in the afternoon, An Múinteoir Mac Muiris' class R3A overcame Our Lady of the Wayside 5-3 in a tightly contested Plate final to complete the double.

R3B Buaiteoirí Corn Andy Gibbons

R3A Buaiteoirí Pláta Andy Gibbons



*The girls' team topped their Olly Quinlan group and face Scoil Thomáis or Scoil Maelruain in the semi final in Naomh Olaf GAA Club on Wednesday 25th of May. The senior hurling team are competing in Corn Ághais and they have reached the quarter final. They face Scoil Oilibhéar, Coolemine in Hermitage Park on Tuesday 24<sup>th</sup> of May.*

*Children from 3<sup>rd</sup> to 6<sup>th</sup> class will represent the school in the Cumann na mBunscol Athletics in Santry later this month. The Field Day will take place on Monday 23<sup>rd</sup> of May and will see competitors from the school participate in 600m, Long Jump, Shot Putt and Hurdles at various age levels. The Track day will take place a week later on Monday 30<sup>th</sup> May and this will consist of individual sprints and relay races.*

### Cóineartú Confirmation

Comhgháirdeachas leis na cailíní agus buachaillí ar fad i Rang a 6 a chuaigh faoi lámh an Easpaig ar an Aoine an 11 Márta. Ba é an tAthair Leon Ó Giolláin a rinneadh an sacraimint a cheiliúradh agus bhi sé fíor lách leis na daltaí agus chuir sé go mór ar a suaimhneas iad. Buiochas speisialta leis an múinteoir ranga Máire Cáit Ní Dhubhgáin as na daltaí a ullmhú don chóineartú agus buiochas freisin leis an tAthair Gerry as an chabhair a thug sé di.

*Congratulations to all the girls and boys in R6 who were confirmed on the 11th of March. An tAthair Leon Ó Giolláin officiated at the confirmation and he was really lovely and made the children feel totally at ease on the day. A special thanks to an Múinteoir Máire Cáit Ní Dhubhgáin for all the work she put into preparing the children for the sacrament and thanks also to Father Gerry Moore for all his help.*

Buiochas le Coiste na dTuistí & Tuistí Rang a 5 a d'eagraigh an teacht le chéile sa scoil i ndiaidh an chóineartaithe. Tá a fhios agam go raibh tuistí R6 an bhúioch díbh.

*Míle buiochas to Coiste na dTuistí & Tuistí R5 for organising the get together afterwards in the school. I know it was greatly appreciated by the confirmation pupils & parents of Rang a 6.*



*Tar Anuas  
a  
Spioraid Naoimh*

### Barrgleacaí Champion Gymnast

Comhgháirdeachas le hOisín Ó Nuanáin as an bua iontach a bhí aige i gcomórtais Náisiúnta Gleacaofcha na hÉireann a bhí ar siúl i Luimneach ag túis mí Bealtaine. Bhain Oisín an duais don ghleacaí is fearr amach ag leibhéal na mionúr (buachaillí 12) tar éis dó bonn óir a bhuachaint ar an urlár agus sa léim láimhe, bonn airgid ar an gcor diallaite & bonn cré-umha ar an mbarra ard. Is mór an éacht a rinne an buachaill óg

tréitheach seo. Is gleacaí an-díograiseach é Oisín agus cuireann sé isteach uaireanta fhada agus dianobair gach seachtain. Cá bhfios ach go bhfeicfimíð Oisín an iomaiocht ar son na hÉireann 'sna cluichí oiliimpeacha amach anseo!

*A huge comhgháirdeachas to Oisín Ó Nuanáin from R5B who had a fabulous win in the National Gymnastics Championships held in Limerick*

*at the beginning of May. Oisín took overall first at Minor Level (boys under 12) winning gold on floor and vault, silver on pommel horse and bronze on high bar. What a wonderful achievement for this talented young boy. Oisín is seriously committed to his gymnastics and puts in long hours and hard work every week. Who knows, we may have an Olympic champion in the making here.*



An Barrgleacaí Oisín Ó Nuanáin R5B

### Banna Ceoil na Scoile School Band

Tá an t-ádh linn i nGaelscoil Thaobh na Coille go bhfuil sár-cheoltóirí i measc foireann múinteoirí na scoile agus go roinneann siad an bua sin go flaithiúil leis na daltaí. Tá banna ceoil an-fhuinníúil againn sa scoil le breis is 70 dalta. Bhí an-bhród go deo orainn nuair a sheinn an Banna Ceoil Scoile ag Córfhéile na Scoileanna níos luaithe sa bláthain. Chuir siad an-taispeántas ar an ardán & fuair siad ard-mholadh ón moltóir as an gcur i láthair a rinne siad.

*We are exceptionally lucky in Gaelscoil Thaobh na Coille that we have many talented musicians on our teaching staff & that they share their talents so willingly with the pupils. We have a very vibrant school band involving over 70 pupils. We were very proud earlier in the year when our banna ceoil performed at Córfhéile na Scoileanna in Tallaght. They put on a great performance and received very high praise from the adjudicator.*



*Banna Ceoil na Scoile  
ag seinn ag  
Córfhéile na Scoileanna  
san Ionad Náisiúnta Cispheile i dTáinchealach  
Márta 2016*

# Clár Fógraí

Leathanach 6

## Naónáin Shóisearacha 2016/2017

13/06/2016

1pm - 2pm

Tabharfaidh na páistí a bheidh ag tosú sa scoil i rang na naónáin i mí Meán Fómhair 2016 cuairt ar ar scoil ar an Luan an 13 Meitheamh. Buailfidh siad lena gcuid comhscoláirí agus caithfidh siad roinnt ama ag súgradh sa seomra ranga.




Next year's junior infants are invited to visit the school on Monday the 13<sup>th</sup> of June where they will meet their fellow classmates and spend some time playing in their classroom.

## Seó Talainne 2016 Talent Show



Dé hAoine  
17 Meitheamh  
12.00 a chlog  
Halla na Scoile  
Fáilte roimh  
Thuismitheoirí  
Parents Welcome

## Dátaí do Dialann Dates for Your Diary



- 23/05/16 : Lúthchleasaíocht Párce : Cumann na mBunscol *Athletics Competition*
- 24/05/16 : Cruinníú Tuisti Naónáin Shóisearacha 2016/2017  
*Meeting for Parents of 2016/2017 Junior Infants*
- 30/05/16 : Lúthchleasaíocht Traic : Cumann na mBunscol *Athletics Competition*
- 01/06/16 : Siúlóid Urraithe Scoile 8am *School Sponsored Walk*
- 06/06/16 : Lá Saoire Poiblí - Scoil Dúnta *Public Holiday - School closed*
- 07/06/16 - 10/06/16 : Seachtain Spóirt & Spraoi
- 07/06/16 : R5 Turas go dtí an Bhreatain Bheag *R5 Visit Wales*
- 09/06/16 : Lá Spóirt R1 - R6 (Rásanna Reatha) 1.00pm Páirc Uile-Aimsire na Céime  
*Sports Day for R1 - R6 (races) 1.00pm Stepaside All-weather Pitch*
- 10/06/16 : Lá Spóirt N1 – N2 (Rásanna Reatha) 12.30pm sa scoil.  
*Sports Day for N1 – N2 (races) 12.30pm at the school.*
- 13/06/16 : Cuairt Naónain Shóisearacha 2016/2017 ar an scoil 1.00pm - 2.00pm  
*Junior Infants 2016/2017 visit the school scoil 1.00pm - 2.00pm*
- 15/06/16 : Cuairt ó dhaltaí Ysgol Morsyn Gymraeg  
*Pupils from Ysgol Morsyn Gymraeg in Wales visit the school.*
- 16/06/16 : Bliots Camógaiochta Cailíní R3 – R6 eagraithe ag CLG Cill Mochoda  
*Camogie blitz for girls from R3 - R6. Organised by Kilmacud Crokes*
- 17/06/16 : Seó Talainne 2016 Daltaí R3 - R6 12.00pm Fáilte roimh chách  
*2016 Talent Show Pupils from R3 - R6 12.00pm All Welcome*
- 20/06/16 : Cruinníú Boird 8.30pm *Board of Management Meeting*
- 07/06/16 : Seoladh Dlúthdhiosca Ceiliúrtha 20 Blíana (dáta & am le dearbhú)  
*Launch of School 20<sup>th</sup> Anniversary CD (date & time to be confirmed)*
- 07/06/16 : Aifreann Deireadh Blíana (data & am le dearbhú)  
*End of Year Mass (time & date to be confirmed)*
- 28/06/16 : Ceiliúradh Chinn Chúrsa R6 R6 *Graduation*
- 30/06/16 : Saoire an tSamhraidh 12:00 a chlog  
*School closing for Summer holidays 12:00 o'clock*
- 01/09/16 : Athoscailt na scoile do 2016/2017 Déardaoin 01 Meán Fómhair  
*Re-opening of School for school year 2016/2017 Thursday 01 September*

## Éide Scoile Samhraidh

### Summer Uniform

Tá an Samhradh tagtha, bhuel saghas! Nuair a bhíonn an aimsir the ann tá cead ag na páistí brístí gearra dubhghorm spóirt a chaitheamh ar scoil. Caitheann siad an bríste gearr leis an líne & leis an ngeansaí spóirt. Nuair a bhíonn an aimsir fluch nó fuar ba cheart do na páistí an t-éide scoile iomlán le caitheamh seachas ar an lá ar a ndéanann siad corpoideachas nuair is ceart dóibh an culáith spóirt a chaitheamh (Luan nó Aoine). Tá sé ceadaithe an t-éide scoile samhraidh a chaitheamh i mí Bealtaine Meitheamh agus Meán Fómhair, le cead na haimswire.



*Summer has arrived at last, well sort of! When we have fine, warm weather the children are allowed to wear navy sports shorts to school. They wear the shorts with their sports t-shirt and sports top. When the day is wet or cold they should wear their full school uniform to school except for the day on which they have P.E. (Monday or Friday) when they should wear their school tracksuit. Pupils are allowed to wear the summer uniform in May and June and again in September, weather permitting.*

## Dlúthdhiosca Scoile

### Music CD



Mar chuid de cheiliúradh 20 bliana na Scoile tá dlúthdhiosca ceoil á thaifeadadh againn faoi láthair agus tá súil againn go mbeidh an dlúthdhiosca réidh agus ar diol le pobal na scoile roimh dheireadh na bliana. Beidh míreanna ceoil ó gach rang leibhéal sa scoil, banna ceoil scoile, ceoltóirí aonair & banna ceoil na múinteoirí le cloisteáil ar an diosca.

*As part of our 20th Anniversary celebrations we are recording a Music CD that will be ready to go on sale to parents before the end of the school year. The CD will feature music and songs from every class level in the school alongside instrumental pieces from the banna ceoil, individual musicians as well as banna ceoil na múinteoirí.*

## Turais Ranga Class Tours



## Billí Scoile & Téacsleabhair do 2016/2017

Tá scéim iasachta téacsleabhair i bhfeidhm againn sa scoil, chun costas na dtéacsleabhair scoile a laghdú. Beidh cuid de na téacsleabhair ar fáil ar iasacht ón scoil agus beidh an chuid eile le ceannach agaibhse sibh féin.

Beidh an Bille Scoile & Liosta Téacsleabhair atá le ceannach don bhliain seo chugainn 2016/2017 ag dul amach chugaibh gan mhoill. Le laghdú a dhéanamh ar an t-airgead tirim a thagann isteach sa scoil ag an am seo den bhliain iarraimid ar thuismitheoirí más féidir leo é an íocaíocht seo a dhéanamh i bhfoirm seice nó i bhfoirm aistriú bainc ar-líne - eolas maidir le haistriú bainc le teacht.

### School Bill & Textbook List

*We have a partial textbook rental scheme in place in the school to help keep the cost of school textbooks down. Some books on your child's booklist will be rented from the school and the rest you will have to purchase yourselves.*

*The school bill and textbook list for 2016/2017 will be distributed shortly. In order lessen the amount of cash in the school we are asking parents where possible to pay their bill by cheque or by on-line bank transfer - transfer details to follow.*



# Griangrafanna

Leathanach 8

## Daltaí R2 Gléasta 'sna hÉadaí Comaoineach



R2A leis an Múinteoir Rónán Mac Niallais

---

R2B leis an Múinteoir Eavan Ní Mhuirgheasa

